Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10489/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0555(COD)**

| | |
|---|---|
| **COMPET 763** | **ECOFIN 809** |
| **IND 412** | **COH 115** |
| **MI 628** | **INDEF 124** |
| **CADREFIN 289** | **CULT 85** |
| **FIN 873** | **CYBER 289** |
| **RECH 280** | **JAI 819** |
| **ESPACE 101** | **DIGIT 163** |
| **CONSOM 193** | **DATAPROTECT 198** |
| **DUAL USE 47** | **FREMP 208** |
| **EDUC 269** | **RELEX 831** |
| **TELECOM 316** | **COPS 347** |
| **ENER 396** | **UD 180** |
| **ENV 724** | **AUDIO 84** |
| **CLIMA 328** | **PROCIV 129** |
| **AGRI 494** | **IPCR 64** |
| **TRANS 419** | **MAP 127** |
| **SAN 476** | **FISC 220** |
| **PHARM 106** | **CODEC 1164** |
| **BIOTECH 80** | **IA 164** |
| **POLMIL 237** | **CSC 401** |
| **POLGEN 167** | |

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI), lena n-áirítear clár sonrach le haghaidh taighde agus nuálaíocht i réimse na cosanta<br>*- Cur chuige ginearálta páirteach* |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 16 Iúil 2025, tharchuir an Coimisiún a thogra le haghaidh Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas a bhunú (CEI)[1] chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

2. Is cuid de phacáiste an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI) don tréimhse 2028 go 2034 é an togra sin. Is é is cuspóir don dréacht-Rialachán 14 ionstraim chistiúcháin aonair sa CAI reatha a chomhdhlúthú i gcreat aonair infheistíochta chun iomaíochas na hEorpa i dteicneolaíochtaí agus in earnálacha straitéiseacha a neartú.

3. Is é EUR 234.3 billiún i bpraghsanna reatha an t-imchlúdach táscach atá beartaithe do CEI. Is é is aidhm do CEI, a oibríonn faoi leabhar rialacha aonair amháin, agus a thairgeann tairseach aonair amháin d'iarratasóirí ar chistiú, cistiú an Aontais a shimpliú agus dlús a chur leis agus infheistíocht phríobháideach agus phoiblí a spreagadh. Tá sé bunaithe ar cheithre ghné bheartais lena léirítear tosaíochtaí straitéiseacha chun iomaíochas agus athléimneacht an Aontais a fhorbairt: (1) an t-aistriú glan agus an dícharbónú tionsclaíoch; (2) an tsláinte, an bhiteicneolaíocht, an talmhaíocht agus an bithgheilleagar; (3) ceannaireacht dhigiteach; agus (4) amhábhair chriticiúla, an tionscal cosanta, an tionscal spáis agus an tionscal slándála sibhialta.

4. An 9 Nollaig 2025, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra reachtach[2].

5. An 23 Márta 2026, ghlac Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim maidir leis an togra reachtach[3].

6. An 15 Eanáir 2026, ghlac Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a tuairim maidir leis an togra reachtach[4].

---

1 11770/1/25 REV 1.
2 16636/25.
3 7660/26.
4 5397/26.

## II. DUL CHUN CINN A RINNEADH SA CHOMHAIRLE

7. Chinn Coiste na mBuanionadaithe foghrúpa de chuid an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas (CEI) a bhunú laistigh den Mheitheal Ad Hoc maidir le CAI. Chuir an foghrúpa tús lena chuid oibre i mí Mheán Fómhair 2025.

8. Le linn Uachtaránacht na Danmhairge, eagraíodh 21 chruinniú d'fhoghrúpa CEI chun scrúdú a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún, ar an measúnú tionchair agus ar roinnt téacsanna comhréitigh ón Uachtaránacht. D'eagraigh Uachtaránacht na Danmhairge plé ar leith maidir leis an gcuid chothrománach (Caibidlí I, II, III agus VIII) agus maidir leis na gnéithe beartais (Caibidlí IV go VII). Níor pléadh na hairteagail ná na haithrisí atá idir lúibíní i bhfoghrúpa CEI ach cuireadh ar ais chuig an Meitheal *Ad Hoc* maidir le CAI iad. Thíolaic Uachtaránacht na Danmhairge trí théacs comhréitigh ón Uachtaránacht maidir leis an gcuid chothrománach agus an chéad téacs comhréitigh ón Uachtaránacht maidir leis na gnéithe beartais agus na haithrisí.

9. D'iarr Uachtaránacht na Danmhairge tuairim ó Choiste Slándála na Comhairle maidir leis na codanna den téacs a bhaineann le slándáil faisnéise, eadhon Airteagal 13 (Na rialacha maidir le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair a chur i bhfeidhm), Airteagal 51(9) agus (10) (Rialacha comhlántacha incháilitheachta le haghaidh deontas), Airteagal 55 (Rialacha breise is infheidhme maidir le faisnéis rúnaicmithe), Airteagal 69 (Coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta chun slándáil, sláine agus athléimneacht chórais oibríochtúla spáis an Aontais a chaomhnú), Airteagal 77(2), pointe (d) (Prionsabail an rialachais agus na slándála) agus Airteagal 78 (Rialacha comhlántacha maidir le cosaint faisnéis rúnaicmithe). Thug Coiste Slándála na Comhairle tuairim[5] uaidh an 30 Aibreán 2026, a cuireadh san áireamh sa téacs comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht.

5 8734/26.

10. D’ullmhaigh Uachtaránacht na Cipire, ar bhonn plé téamach airteagal ar airteagal ina dhiaidh sin ag 19 gcruinniú eile d’fhoghrúpa CEI, ceithre théacs comhréitigh eile ón Uachtaránacht agus d’iarr sí treoir pholaitiúil ó Coreper trí huaire. Chuir Coreper treoirlínte polaitiúla ar fáil go háirithe maidir leis an gcaoi a bhféadfaí cothromaíocht a bhaint amach idir tionscadail ardcháilíochta ardtionchair a áirithiú agus na himthosca éagsúla ar fud an Aontais a chur san áireamh. Mhol Coreper freisin conas a d’fhéadfaí Rialachán CEI atá beartaithe a fhorlíonadh le forálacha maidir le hidirghníomhaíocht rianúil amach anseo i gcur chun feidhme an Rialacháin seo agus an chláir réime um thaighde - Fís Eorpach - atá ar na bacáin, go háirithe chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit rannpháirteach go gníomhach i gcomhthosaíochtaí a shainaithint agus a leagan síos ar an leibhéal straitéiseach agus réimsí tosaíochta taighde agus nuálaíochta á gcur san áireamh go leordhóthanach ag an am céanna.

11. Tar éis an phlé a rinne Coreper an 29 Bealtaine 2026 agus an 10 Meitheamh 2026, d’eisigh an Uachtaránacht dhá thogra comhréitigh athbhreithnithe eile[6], d’fhonn iad a fhormheas in Coreper an 14 Meitheamh 2026 agus d’fhonn go nglacfaidh an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta cur chuige ginearálta páirteach ina dhiaidh sin an 16 Meitheamh 2026.

12. Ós rud é gur cuid den phacáiste tograí a bhaineann le CAI é an Rialachán atá beartaithe, cuireadh idir lúibíní gach foráil sa chéad togra ón gCoimisiún a bhfuil impleachtaí buiséadacha aige nó a chomhfhreagraíonn do na gnéithe atá mar chuid den chaibidlíocht chothrománach maidir le CAI agus, dá bhrí sin, eisiatar iad ón gcur chuige ginearálta páirteach go dtí go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn maidir le CAI. Tá na forálacha sin idir lúibíní cearnacha sa téacs.

6 9914/26 agus 10443/26.

Ina theannta sin, thug an Uachtaránacht isteach faoi Airteagal 21 céatadán de ráthaíocht an Aontais faoi urrann AE d'Ionstraim InvestEU CEI atá le deonú do Ghrúpa BEI agus céatadán íosta ranníocaíochtaí ó na méideanna táscacha do na ceithre ghné beartais atá le seachadadh trí Ionstraim InvestEU CEI. Ós rud é go bhfuil an dá rud breise sin ag brath ar an gcaibidlíocht chothrománach maidir le CAI, cuireadh lúibíní cearnacha isteach timpeall na gcéatadán ábhartha, agus dá bhrí sin eisiatar iad freisin ón gcur chuige ginearálta páirteach go dtí go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn maidir le CAI.

13. Ní chumhdaítear na forálacha a bhaineann le comhlachas tríú tíortha sna gnéithe beartais cosanta agus spáis in aithris (36a), Airteagail 50 agus 65(5), ar gá tuilleadh plé a dhéanamh orthu, leis an gcur chuige ginearálta páirteach seo agus, dá bhrí sin, cuirtear idir lúibíní cruinne iad.

## III. AN STAID MAR ATÁ I bPARLAIMINT NA hEORPA

14. Chuir Parlaimint na hEorpa an comhad faoi bhráid an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE), a cheap Christian Ehler (PPE, DE) agus Dan Nica (S&D, RO) mar chomhrapóirtéirí. Eisíodh dréacht-tuarascáil na rapóirtéirí an 20 Aibreán 2026 agus cuireadh i láthair í ag cruinniú ITRE an 6 Bealtaine 2026 nuair a seoladh céim shubstainteach ghrinnscrúdaithe agus leasaithe an Choiste go foirmiúil. Tá sé beartaithe faoi láthair go nglacfaidh ITRE an tuarascáil chríochnaitheach an 10 Meán Fómhair 2026, agus táthar ag súil go vótálfaidh an suí iomlánach ar shainordú caibidlíochta Pharlaimint na hEorpa an 19 go dtí an 22 Deireadh Fómhair 2026.

## IV. PRÍOMHGHNÉITHE AN TÉACS COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

15. Is féidir achoimre a dhéanamh ar phríomhghnéithe an téacs comhréitigh mar seo a leanas:

(a) Leis an tsamhail **rialachais** atá beartaithe, léirítear neartú agus struchtúr soiléir rannphháirtíocht na Comhairle agus na mBallstát ag gach céim den timthriall cur chun feidhme. Cuireadh isteach an nós imeachta scrúdúcháin le haghaidh gach nós imeachta coiste. Anuas air sin, tá sé beartaithe go mbeidh ról breise ag Coiste Ginearálta CEI lasmuigh den nós imeachta coiste, trína gcuirfeadh sé comhairle ar an gCoimisiún maidir le hábhair ábhartha agus maidir le treo straitéiseach foriomlán CEI. Rinneadh go leor forálacha a choigeartú chun an téacs a dhéanamh níos soiléire ó thaobh tharmligean na gcumhachtaí chuig an gCoimisiún, agus solúbthacht riachtanach CEI á coinneáil ag an am céanna.

Ar **an leibhéal straitéiseach**, bheadh ról lárnach ag na Ballstáit maidir le tosaíochtaí a shocrú trí ionchur a sholáthar ag céim luath maidir leis an treo straitéiseach foriomlán do CEI agus na gnéithe ábhartha uile á gcur san áireamh, lena n-áirítear treochtaí iomaíochais fadtéarmacha agus réimsí teipe margaidh, nach mór don Choimisiún aird a thabhairt orthu agus doiciméad straitéiseach ilbhliantúil CEI á tharraingt suas aige.

Ag an am céanna, rinneadh tuilleadh forbartha ar chuspóirí ginearálta CEI agus cuireadh creat isteach chun **critéir dhámhachtana** ghinearálta a leagan síos sna cláir oibre, ag brath ar fhoirm na tacaíochta ón Aontas, atá nasctha go dlúth leis na cuspóirí ginearálta.

(b) Soiléiríodh sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht **comhlántachtaí agus sineirgí** idir CEI agus cistí agus cláir eile de chuid an Aontais agus a gcomhordú. Baineann sé sin go háirithe le gníomhaíochtaí comhoibríocha i réimse an taighde agus na nuálaíochta agus le hábhair ábhartha eile i bhfianaise an dlúthnaisc leis an gclár réime um thaighde **Fís Eorpach** atá ar na bacáin, lena n-áirítear maidir le critéir dhámhachtana agus incháilitheachta, rialacha maidir le comhlachas, coistí meastóireachta, comhpháirtíochtaí agus an nasc leis an gComhairle Nuálaíochta Eorpach.

Chun a áirithiú go gcuirfear san áireamh go cuí dearcadh phobal Fís Eorpach maidir le tosaíochtaí a leagan síos le haghaidh gníomhaíochtaí comhoibríocha i réimse an taighde agus na nuálaíochta arna gcur chun feidhme trí chláir oibre CEI, déantar foráil sa struchtúr atá beartaithe maidir le **seisiúin chomhpháirteacha** Choiste Ginearálta CEI ina ról comhairleach straitéiseach le Coiste Fís Eorpach faoi Airteagal 17b maidir le míreanna ar an gclár oibre a bhaineann le taighde comhoibríoch agus nuálaíocht chomhoibríoch, lena n-áirítear ar an gcuid dá ndoiciméid straitéiseacha ilbhliantúla faoi seach a bhaineann le tosaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta, nach mór don Choimisiún a chur san áireamh agus gníomhaíochtaí comhoibríocha i réimse na taighde agus na nuálaíochta á gcur chun feidhme aige.

(c) Is é is aidhm do na leasuithe a bhaineann le h**Ionstraim InvestEU** nua **CEI** atá beartaithe príomhghnéithe a ailíniú ar bhealach níos dlúithe le rialacha Chlár InvestEU atá ann cheana, agus cuspóir CEI á choinneáil ar bun an tráth céanna chun tionscadail a bhaineann le riosca níos airde a mhaoiniú go sonrach. Tugadh ról níos láidre do Ghrúpa BEI, mar chomhpháirtí cur chun feidhme, agus soiléiríodh na forálacha maidir le tacaíocht do ghnólachtaí atá ag méadú. Cuireadh airteagal isteach lena gceadaítear teaglamaí punann.

(d) I measc na leasuithe eile ón Uachtaránacht, tá béim níos mó ar **fhiontair bheaga agus mheánmhéide** (FBManna) trí ghnéithe breise chun tacú le FBManna, go háirithe i gcláir oibre agus i nglaonna tiomnaithe, agus dreasachtaí chun caipiteal príobháideach a phlódú isteach agus a shlógadh.

Leis an rún céanna, leathnaíodh na forálacha maidir le **comhairliúchán tionscadail** agus **tacaíocht ghnó CEI** freisin, rud a chuir feabhas ar an nasc idir saineolas mhol comhairleach InvestEU atá ann cheana agus Líonra an Aontais don Ghnó a bheidh ann amach anseo, agus béim níos láidre á háirithiú, ag an am céanna, ar shineirgí a bhunú le struchtúir náisiúnta atá ann cheana agus ar dheiseanna comhpháirtíochta a sholáthar, lena n-áirítear do phointí teagmhála náisiúnta.

(e) Áirítear ar na leasuithe is tábhachtaí a bhaineann leis an ngné bheartais um **an tionscal cosanta** foráil nua darb aidhm úinéireacht agus rialú níos láidre ar thaobh na mBallstát a áirithiú a mhéid a bhaineann leis na cinntí dámhachtana faoin roinn sin ('nós imeachta coiste dúbailte'). Thairis sin, rinneadh roinnt athruithe tábhachtacha chun leanúnachas agus comhsheasmhacht leis an *acquis* tionsclaíoch cosanta atá ann cheana a áirithiú, go háirithe an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach (EDIP).

Soiléiríodh freisin go dtagann forbairt na stórála breosla agus na gcóras a ghabhann léi faoi raon feidhme CEI.

(f) Faoi ghné bheartais an **spáis**, rinneadh leasuithe ollmhóra ar fho-chomhpháirt nua na Seirbhíse Rialtais um Fhaire na Cruinne (SRFC), ina soiléirítear sa téacs, ar an gcéad dul síos, an cur chuige céim ar chéim maidir le hacmhainní a chomhthiomsú agus a chomhroinnt, ar an dara dul síos, anailís ar bhearnaí a dhéanamh, agus ar an tríú dul síos, go ndéanfadh an Chomhairle cinneadh maidir le buíon satailítí a fhorbairt. Áirítear sa téacs freisin forálacha nua maidir le rannpháirtíocht in SRFC agus maidir leis an ról ríthábhachtach atá ag Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh i soláthar sonraí agus seirbhísí.

Áirítear ar na hathruithe breise soiléirithe maidir leis na seirbhísí, na gníomhaíochtaí agus na ceanglais le haghaidh na gcomhpháirteanna nó na bhfo-chomhpháirteanna éagsúla, maidir le leibhéil feidhmíochta ionchasacha na seirbhísí oibríochtúla a sholáthraíonn na comhpháirteanna sin a bhunú, agus maidir le ról na Gníomhaireachta Eorpaí Spáis.

## V. CONCLÚID

16. Iarrtar ar an gComhairle Gnóthaí Ginearálta cur chuige ginearálta páirteach a ghlacadh, ag an gcruinniú a bheidh aici an 16 Meitheamh 2026, maidir leis an téacs a leagtar amach in 10491/26 + COR 1.